AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2024
COM(2024) 557 final

2024/0309 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 7772/22 INIT; ST 7772/22 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne**

2024/0309 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 7772/22 INIT; ST 7772/22 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSualainn an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 28 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 9 Samhain 2023[3].

(2) An 19 Meán Fómhair 2024, rinne an tSualainn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an tSualainn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSualainn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le sé bheart.

(4) Mhínigh an tSualainn nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar na costais mhéadaithe a bhaineann le breoslaí iontaise agus bithbhreoslaí. Baineann sé sin, faoi seach, le clocha míle 13 agus 14 d'athchóiriú 1 (Coigeartuithe ar an oibleagáid maidir le laghdú) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas). Go háirithe, i gcás chloch mhíle 13, bheadh tionchar diúltach díréireach ag an méadú ar phraghsanna ar theaghlaigh le linn na géarchéime fuinnimh leanúnaí, agus i gcás chloch mhíle 14

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 7772/22; ST 7772/22 ADD 1.
[3] ST 14474/23; ST 14474/23 ADD 1.

sainaithníodh nach bhfuil an beart i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/2405.[4] Ar an mbonn sin, d'iarr an tSualainn go mbainfí na bearta agus na clocha míle thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(5) Tar éis bearta a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an tSualainn freisin go méadófaí leibhéal cur chun feidhme dhá bheart. Baineann sé sin le cloch mhíle 11 a chur san áireamh faoi athchóiriú 1 (An próiseas maidir le ceadanna comhshaoil a chuíchóiriú) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), agus cloch mhíle 33bis faoi athchóiriú 3 (Clár gairmiúil náisiúnta do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do mhúinteoirí oideachais agus cúraim luath-óige) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an tSualainn go ndearnadh trí bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le sprioc 6 d'infheistíocht 2 (Infheistíochtaí aeráide san earnáil thionsclaíoch (An Léim Thionsclaíoch)) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), spriocanna 24, 25, 26 agus 27 d'infheistíocht 2 (Breis áiteanna staidéir san ard-ghairmoideachas) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú), chomh maith le spriocanna 45, 46, 47, 48 agus 49 d'infheistíocht 1 (Leathnú leathanbhanda) faoi chomhpháirt 4 (Leathnú leathanbhanda agus digitiú an riaracháin phoiblí). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSualainn sprioc 6 agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar a leasú, chomh maith le spriocanna 6a agus 6b a chur isteach. Thairis sin, d'iarr an tSualainn sprioc 27 a leasú agus spriocanna 24, 25 agus 26 a bhaint. Thairis sin, d'iarr an tSualainn sprioc 45 agus an tuairisc ar an mbeart gaolmhar a leasú, agus spriocanna 46, 47, 48 agus 49 a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an tSualainn go ndearnadh beart amháin a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóir an bhirt lena mbaineann a bhaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le spriocanna 3 agus 4 d'infheistíocht 1 (Infheistíocht aeráide áitiúil agus réigiúnach) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSualainn go mbainfí sprioc 3 agus go leasófaí sprioc 4. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

(8) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an tSualainn, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 a leasú dá réir.

***Clocha míle agus spriocanna a dháileadh***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an tSualainn i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

[4] Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) (IO L, 2023/2405 31.10.2023).

(10) Sainaithníodh 17 n-earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do chloch mhíle amháin, do cheithre sprioc agus do 14 bheart faoi chúig chomhpháirt. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an tSualainn. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 7 d'infheistíocht 3 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), cloch mhíle 33 d'athchóiriú 2 (An Gníomh um Chosaint Fostaíochta agus féidearthachtaí aistrithe níos fearr) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú), spriocanna 34 agus 35 d'infheistíocht 1 (An Tionscnamh um Chúram do Dhaoine Scothaosta) faoi chomhpháirt 3 (Coinníollacha níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha), sprioc 52 d'athchóiriú 1 (Ceart tionscnaimh príobháideach – rannpháirtíocht páirtithe leasmhara pleanála i gcúrsaí criosaithe) faoi chomhpháirt 5 (Infheistíocht le haghaidh fáis agus tithíochta), agus an tuairisc ar infheistíocht 1 (Infheistíochtaí áitiúla agus réigiúnacha aeráide) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), infheistíocht 2 (Infheistíochtaí aeráide san earnáil thionsclaíoch (An Léim Thionsclaíoch)) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), infheistíocht 3 (Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh ilteaghaise) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), athchóiriú 2 (Laghdú díothaithe ar cháin fuinnimh ar bhreosla in earnálacha áirithe) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), athchóiriú 3 (Rátaí sochair inchánach coigeartaithe do ghluaisteáin chuideachta) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh glas), infheistíocht 1 (Breis áiteanna staidéir sa ghairmoideachas aosach réigiúnach) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú), infheistíocht 2 (Breis áiteanna staidéir san ard-ghairmoideachas) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú), athchóiriú 1 (Leibhéal cúitimh níos airde do ghairmoiliúint i gcomhar leis an tSualainnis le haghaidh Inimirceach agus don tSualainnis mar dhara teanga) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú), athchóiriú 2 (An Gníomh um Chosaint Fostaíochta agus féidearthachtaí aistrithe níos fearr) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú), infheistíocht 3 (Acmhainní chun freastal ar éilimh ar oideachas in ollscoileanna agus in institiúidí ardoideachais eile) faoi chomhpháirt 2 (Oideachas agus aistriú), athchóiriú 1 (Teideal gairmiúil cúntóirí altranais a rialáil) faoi chomhpháirt 3 (Coinníollacha níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha), athchóiriú 4 (Córas nua cuntas bainc agus taisceadán) faoi chomhpháirt 3 (Coinníollacha níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha), infheistíocht 1 (Bonneagar digiteach riaracháin phoiblí chomhpháirtigh) faoi chomhpháirt 4 (Leathnú leathanbhanda agus digitiú an riaracháin phoiblí) agus infheistíocht 1 (Cúnamh infheistíochta do thithíocht ar cíos agus do thithíocht mac léinn) faoi chomhpháirt 5 (Infheistíocht le haghaidh fáis agus tithíochta). Ní dhéantar difear leis na ceartúcháin sin do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar

fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an tSualainn, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(13) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2022 agus 2023, measann sé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta i ndáil leis na moltaí maidir le breoslaí iontaise trí na nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe maidir le cur chun úsáide foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú (moladh tírshonrach 2022.4.4 agus moladh tírshonrach 2023.4.3). Thairis sin, tá dul chun cinn teoranta déanta maidir leis na moltaí i ndáil le torthaí oideachais a fheabhsú do dhaltaí a mbaineann cúlra socheacnamaíoch agus imirceach faoi mhíbhuntáiste leo trí dheiseanna rochtana comhionanna a áirithiú sa chóras scolaíochta agus trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanas múinteoirí cáilithe (moladh tírshonrach 2022.3.1 agus moladh tírshonrach 2023.3.1).

(14) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an tSualainn i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe i ndáil le nósanna imeachta ceadaithe maidir le cur chun úsáide foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú (moladh tírshonrach 2022.4.4, moladh tírshonrach 2023.4.3 agus moladh tírshonrach 2024.4). Meastar freisin go gcuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe le haghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí cáilithe, rud atá ina chuid den mholadh maidir le feidhmíocht oideachais daltaí a fheabhsú (moladh tírshonrach 2022.3.1, moladh tírshonrach 2023.3.1 agus moladh tírshonrach 2024.3.1).

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(16) Maidir leis na hathchóirithe nua ar chuíchóiriú an phróisis le haghaidh ceadanna comhshaoil agus ar an gclár gairmiúil náisiúnta do phríomhoidí, do mhúinteoirí agus do mhúinteoirí oideachais agus cúraim luath-óige, rinne an tSualainn measúnú córasach i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an tSualainn, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean modhnaithe nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart atá ann do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(17) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an tSualainn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 7772/2022; ST 7772/2022 ADD an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(18) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Rannchuidiú airgeadais***

(19) Is é EUR 3 501 632 593 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Sualainne, arb ionann é agus SEK 35 454 030 000 ar bhonn ráta tagartha EUR SEK BCE an 28 Bealtaine 2021. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don tSualainn, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 20(4), agus Airteagal 21b(2) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Sualainne a bheith comhionann le EUR 3 445 666 208.

(20) Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (ST 7772/2022; ST 7772/2022 ADD 1) an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Bealtaine 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Sualainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha agus na clocha míle agus na spriocanna breise a bhaineann le híoc na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún;

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*